

Scothscéalta

Pádraic Ó Conaire



Cló Iar-Chonnacht
Indreabhán
Conamara

An Chéad Chló Sáirséal agus Dill 1956
An t-eagrán seo 2009
© Cló Iar-Chonnacht 2009

Is é Tomás de Bhaldraithe a chuir an bunsaothar in eagar.

ISBN 978-1-905560-50-9

Dearadh clúdaigh: Abigail Bolt
Dearadh: Deirdre Ní Thuathail



Foras na Gaeilge

Tá Cló Iar-Chonnachta buíoch de Fhoras na Gaeilge as
tacaíocht airgeadais a chur ar fáil.



Faigheann Cló Iar-Chonnachta cabhair airgid
ón gComhairle Ealaíon.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur
i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon bhealach ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil,
bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Cló Iar-Chonnacht, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593307 **Facs:** 091-593362 **r-phost:** cic@iol.ie
Priontáil: Future Print, Baile Átha Cliath 13

Clár

Réamhrá <i>le Pádraigín Riggs</i>	7
Teatrarc na Gaililí	13
Beirt Bhan Misniúil	32
Ná Lig Sinn i gCathú	52
An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi	62
Anam an Easpaig	79
Nóra Mharcais Bhig	100
Neill	116
An Bhean a Ciapadh	140
Páidín Mháire	156
M'Fhile Caol Dubh	171



Réamhrá

Foilsíodh *Scothscéalta* den chéad uair sa bhliain 1956. Bhí údar na scéalta, Pádraic Ó Conaire, marbh le beagnach tríocha bliain faoin am sin – cailleadh é sa bhliain 1928 – agus bhí an chuid is mó dá shaothar as cló. Bhí an gearrscéal, mar fhoirm liteartha sa Ghaeilge, faoi bhláth i gcaogaidí na haoise seo caite. Sa bhliain 1952 d’fhoilsigh Tomás de Bhaldraithe an cnuasach *Nuascéalaíocht 1940-1950*, ina raibh gearrscéalta ó údair éagsúla, a bhí i gcló in irisí i gcaitheamh na tréimhse sin. Idir 1953 agus 1955, foilsíodh trí chnuasach eile: *Dúil* le Liam Ó Flaithearta (1953), *Cois Caoláire* le Máirtín Ó Cadhain (1953) agus *Bullaí Mhártain* le Síle Ní Chéileachair agus Donncha Ó Céileachair (1955). Bheartaigh de Bhaldraithe gurbh fhiú an chuid ab fhearr de shaothar gearrscéalaíochta Uí Chonaire a bheith ar fáil, leis; mar sin roghnaigh sé deich gcinn de scéalta ó leabhair éagsúla de chuid an údair, chuir sé amach iad in aon chnuasach amháin agus thug sé *Scothscéalta* mar theideal air.



Saolaíodh Pádraic Ó Conaire i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1882. B’as Ros Muc dá athair, Tomás, agus b’as cathair na Gaillimhe dá mháthair, Kate McDonagh. Bhaineadar araon le haicme ghustalach, a raibh seasamh acu i gcúrsaí gnó agus sna gairmeacha. Bhí teach tábhairne ag muintir Chonaire ar na Duganna nuair a saolaíodh Pádraic. Bhí beirt mhac eile sa chlann, a bhí ní b’óige ná é, Michael agus Isaac. D’imigh an t-athair go Meiriceá nuair a bhí Pádraic sé bliana d’aois agus níor fhíll sé riamh agus sé bliana ina dhiaidh sin cailleadh a mháthair go tobann. Bhí an chlann óg gan athair gan mháthair anois, agus cuireadh siar go dtí tuismitheoirí an athar iad i nGairfean, Ros Muc. Siopadóirí móra ab ea muintir Chonaire ansin agus rinneadar cuid mhaith dá ngnó ar an bhfarraige, timpeall Cheantar na nOileán, i mbáid. Nuair a cailleadh Mary Conroy, máthair chríonna na leanaí, sa bhliain 1896, is dealraitheach gur cuireadh Pádraic agus Michael ó dheas go Contae an Chláir chun fanacht le n-aintín, deirfiúir a máthar, ach dhá bhliain ina dhiaidh sin d’aistrigh Pádraic a áitreabh arís, nuair a cuireadh go dtí Coláiste Charraig an Tobair é, i gContae Thiobraid Arann, ar an tuiscint go rachadh sé le sagartóireacht. Laistigh d’aon bhliain amháin chaith sé an áit sin a fhágáil nuair a dúnadh an chliarscoil, agus cuireadh é go dtí scoil eile de chuid an oird, Coláiste na Carraige Duibhe i mBaile Átha Cliath, mar a raibh sé in aon rang le garsún darbh ainm dó Éamon de Valera. D’fhág Pádraic an coláiste sin – nó cuireadh as an gcoláiste é, de réir dealraimh – i mí Iúil 1899, gan an scrúdú Idirmheánach a dhéanamh. I mí Eanáir na bliana 1900, agus é ocht mbliana déag d’aois, thosaigh sé ag obair mar státseirbhíseach, i Londain Shasana. Post suarach a bhí aige mar chléireach i mBord an Oideachais ansin agus bhí an pá suarach dá réir. Má bhí saol suaite aige agus é ag fás aníos

in Éirinn – bhí sé tar éis a áitreabh a athrú sé huairé i gcaitheamh a shaoil go dtí seo – ní raibh áitreabh buan aige i gcaitheamh a thréimhse i Londain ach oiread, ach é ag aistriú ó theach go teach, nó gur fhill sé ar Éirinn sa bhliain 1915. D’fhág sé bean agus clann ina dhiaidh i Londain.

Chaith Ó Conaire an chuid eile dá shaol in Éirinn, agus é ag maireachtaint ón láimh go dtí an béal. I gContae na Gaillimhe agus i mBaile Átha Cliath is mó a bhí sé sna blianta sin ach ní raibh áitreabh seasmhach aige in aon áit. Bhí sé ag ól go trom agus de réir a chéile theip a shláinte air. Ní raibh sé ach sé bliana is daichead nuair a cailleadh é in Ospidéal Lorcáin Naofa, i mBaile Átha Cliath, i mí Mheán Fómhair na bliana 1928. Ní raibh de sheoladh baile aige ar theastas a bháis ach “*Patrick O’Conaire of Salthill, Galway*”, agus ba í a shlí bheatha de réir an teastais sin ná “*journalist*”. Tá sé curtha i nGaillimh.



Níor chainteoir dúchais Gaeilge é Pádraic Ó Conaire, ach bhí Gaeilge timpeall air i gcónaí, pé acu an raibh sé ina chónaí in Éirinn nó i Londain. Bhí Béarla timpeall air i gcónaí chomh maith. Gaeilgeoir ó Chonamara ab ea a athair, Tomás, ach, de réir nós na haimsire, labhair muintir Chonaire Béarla eatarthu féin sa teach. Is cinnte go raibh Gaeilge le cloistéáil ag Pádraig chomh maith, áfach, agus é ina leanbh. Labhartaí Gaeilge le muintir Chonamara i dteach tábhairne a mhuintire, agus dúirt sé féin go raibh Gaeilge ag an mbean óg a bhí ag tabhairt aire dó agus é beag. Nuair a cuireadh é féin agus a dheartháireacha siar go Ros Muc tar éis bhás na máthar, Béarla a bhí á labhairt sa teach sin

freisin, ach Gaeilge an teanga a bhí ag muintir na háite timpeall, agus ba í a labhartáí sa siopa. Nuair a chuaigh sé go Coláiste Charraig an Tobair, agus ina dhiaidh sin go Coláiste na Carraige Duibhe, bhí sé i dtimpeallacht an Bhéarla arís, ach rinne sé Gaeilge mar ábhar – rud nach raibh forleathan sna scoileanna ag an am. Ní raibh sé i bhfad i Londain nuair a chuaigh sé isteach i gConradh na Gaeilge, mar ar chuir sé aithne ar Ghaeilgeoirí ó gach cuid d’Éirinn.

Bhí áit an-tábhachtach ag an gConradh i saol Uí Chonaire, mar dhuine agus mar scríbhneoir, ar feadh na tréimhse i Londain. Bhí tearmann aige i measc an phobail Ghaelaigh sa chathair mhór Ghallda, príomhchathair Impireacht na Breataine, gona pobal mór idirnáisiúnta. Bhí caidreamh aige ar Ghaeil ó gach aicme shóisialta – daoine a bhí ina ndeoraithe ar a nós féin – agus ina theannta san bhí cothú intleachtúil le fáil aige ó bhaill na heagraíochta sin, scríbhneoirí, iriseoirí agus múinteoirí ina measc. Thar aon ní eile, bhí meas air mar Ghaeilgeoir. Ghlac sé páirt i ngach gné d’obair an Chonartha: sna hOícheanta Seanchais a bhíodh acu, sna drámaí agus sna ranganna Gaeilge – mar a raibh an-cháil air mar mhúinteoir – agus bhí sé ar choistí éagsúla de chuid na heagraíochta. Ag pointe amháin bhí sé ag obair seacht lá den tseachtain, mar mhúinteoir Gaeilge – anuas ar an tseachtain oibre i mBord an Oideachais.



Ní raibh Ó Conaire i bhfad i Londain nuair a chuaigh sé i mbun pinn, agus níl aon amhras ná gurbh iad a chomhghleacaithe sa Chonradh a spreag é chun na scríbhneoireachta. Foilsíodh an

chéad scéal uaidh sa *Claidheamh Soluis* sa bhliain 1901, ach ba é Comórtas Liteartha an Oireachtas ba thúisce a tharraing aird an phobail thall is abhus air mar scríbhneoir Gaeilge nuair a bhuaigh an scéal “Páidín Mháire” an chéad duais sa chomórtas gearrscéalaíochta sa bhliain 1904. Bhí cosúlacht an tseanscéil ar an iarracht seo ach bhí doimhneacht ann nach dual don seanscéal. Bhí Pádraic Mac Piarais an-ghníomhach sa Chonradh ag an am seo agus bhí baint mhór aige le comórtais an Oireachtais; d’aithin seisean bua liteartha Uí Chonaire láithreach agus thug sé tacaíocht agus treoir an-tábhachtach don scríbhneoir óg. Luigh Ó Conaire leis an scríbhneoireacht ansin, agus níorbh fhada go raibh cáil mhór ar a shaothar. I gcaitheamh a thréimhse i Londain d’fhoilsigh sé gearrscéalta, urscéal amháin agus mórán aistí, ina measc, aistí an-tábhachtacha ar an litríocht.

Idir 1901, an bhliain a foilsíodh an chéad ghearrscéal, agus 1918 is ea is mó a shaothraigh Ó Conaire an gearrscéal. Bhí sé ag scríobh go rialta tar eis dó filleadh ar Éirinn; idir 1916 agus 1927 d’fhoilsigh sé breis agus cúig chéad alt, idir scéalta agus aistí, i dtréimhseacháin éagsúla – ach, lasmuigh den dornán scéal in *Seacht mBua an Éirí Amach*, a foilsíodh sa bhliain 1918, ní miste a rá go raibh an chuid is fearr dá shaothar déanta aige faoin am gur fhág sé Londain.



Ceannródaí liteartha ab ea Ó Conaire a thug faoi théamaí conspóideacha, comhaimseartha a phlé i bhfoirm liteartha nach raibh aon saothrú déanta uirthi sa Ghaeilge ag an am. Is an-léiriú ar ilghnéitheacht a shaothair an cnuasach *Scothscéalta*. Baineann

ábhar na scéalta sin le muintir Chonamara in aimsir an drochshaoil, le meánaicme Bhaile Átha Cliath le linn Éirí Amach na Cásca, le pearsana ón Tiomna Nua agus le cine samhailteach ó Oirthear an Domhain. Dá éagsúlacht an t-ábhar, áfach, is í aigne an duine bun agus barr an scéil i ngach cás – na tréithe a spreagann an duine chun gnímh, bíodh an gníomh sin “ina dhrochghníomh nó ina dheaghníomh”. Is éard a dúirt Ó Conaire, agus é ag trácht ar a thuiscint féin ar an litríocht, ná: “Scrúdaítear an duine. Scrúdaítear a aigne. Déantar tréaniarracht ar na ceisteanna móra a bhaineas le hintinn an duine ag déanamh a leithéid seo de ghníomh dó [a léiriú]. Cuirtear daoine os do chomhair a bhfuil baint éigin acu le chéile, agus taispeánfar duit na gníomhartha a dhéanfas siad i ngeall ar na tréithe atá iontu agus an bhaint atá acu le chéile.”

Níl gach scéal sa chnuasach seo gan locht, ach is féidir a rá i dtaobh gach scéil dóibh go seachnaítear an míniú simplí agus go bhfágtar ábhar machnaimh ag an léitheoir ag an deireadh; níl aon charachtar in aon scéal geal amach is amach, ach, mura bhfuil, níl aon charachtar dubh amach is amach, ach oiread.

Pádraigín Riggs



Teatrarc na Gaililí

Breá liom thú ag teacht ar cuairt chugam sa bpúirín beag brocach seo atá agam sa bhfásach, a Réisín, a mhic altrama. Ach fan amach uaim roinnt nó beidh trom-ualach crumh agus piast agat ag filleadh uait go hIarúsailéim! Ag dul i líonmhaire atáid in aghaidh an lae agus a maraím díobh idir an dá leic sin! Féach na poill atá cartaithe acu i mo chuid feola! Ná bíodh uamhan ort – nach n-itear feoil an duine san uaigh, agus nach anam marbh mise cé go rabhas i mo rí ar chríoch na Gaililí tráth?



Sea, is mian leat go ndéanfainn roinnt cainte leat, a mhic; is é mo mhian féin é freisin, tá sé chomh fada ó labhraíos cheana ach amháin leis na piasta seo a bhíos do m'ithe de shíor . . .

Bheinn i mo rí fós faoi ardghradam agus faoi mheas mura mbeadh na mná. Cuirtear sna leabhair staire é go ndearna Ioruaith Antipas, Teatrarc na Gaililí, gach drochghníomh dá

ndearna sé mar gheall ar bhean éigin. Sin í an fhírinne, a mhic: níor fhéadas fanacht uathu ó thosach mo shaoil, agus fios dearfa agam go dtiocfadh mo bhás orm dá mbarr. Tuige ar bhacas leo mar sin, an ea? Nach tú atá óg! An chinniúint, is dócha: féach an féileacán úd thall atá ag foluain os cionn mo choinnle. Ní fada go loiscfear a sciatháin mhaiseacha; cá bhfios dúinne nach bhfuil a fhios sin aige, freisin?

Bhí togha na haithne agatsa ar Shalómé, iníon mo leasdearthár Filip. Bhí. Murach í ní chuirfinn iallach ort dul san arm an tráth úd – éist liom, a deirim, is gearr go mbeidh a fhios agat cén bhaint a bhí aici le do chuid saighdiúireachta! Ach bhí aithne agat uirthi. Bhí, agus gean. Is maith is cuimhneach liom lá dá raibh an bheirt agaibh ag déanamh aoibhnis ar an mbán ar aghaidh an tí. Aimsir fhionnuarach a bhí ann. Bhí crainn almóinní agus crainn oráistí faoi bhláth agus an saol mór go háthasach i ndiaidh dhoineann an gheimhridh. Ach ag breathnú oraibhse dom tríd an bhfuinneog cheapas nach raibh aon ní sa saol álainn seo chomh hálainn libh . . .

Chuir tú an ghirseach ag damhsa ar leic. Ní hionadh liom aoibhneas a bheith ort ag féachaint duit ar a háilleacht. Ach scaoileadh iall a bróige. Thit sí. Thóg tusa í go cúramach. Thug póg di ar an mbéal. Dhearg sí. Tháinig pus uirthi – is cuimhneach leat an béal gáireach a bhí uirthi? Ach an fhéachaint a tháinig ina súile! “Bheirim do dúshlán é a dhéanamh arís” an rud a bhí léir ón bhféachaint sin. Agus ní dhearna tú é! Bhí tú óg agus is beag eolas a bhí agat ar chanúint na súl. Ní bheadh uait ach an fhaill anois, a rógaire.

Ach bhí a mhalairt d’fhéachaint ina gnúis ag dul thar an bhfuinneog di nuair a scar sí uait. Féachaint ghreannmhar an fhéachaint sin. Corrdhuine a fheiceas í i ngnúis mná an chéad

uair. An té a fheiceas tig aobhneas ar a chroí, tig smaointe ina aigne . . .

“Ní páiste atá againn i Salómé anois,” arsa mise liom féin, “ach bean – bean álainn aibí,” agus thosaíos ag smaoineamh ar thréithe na mban . . .

Cé a thiocfadh orm agus mé sa machnamh sin ach Herodias. Sular airíos i m’áice í, leag sí lámh go grámhar orm ar chúl mo chinn ar a sean-nós féin. Ní fhéadfainn inseacht duit, dá bhfaighinn mo ríocht ar ais air, cén fáth gur chaitheas an lámh uaim go mímhúinte. Ach thuig Herodias cén fáth go ndearnas é: an bhfaca tú spréachadh ó ifreann i súile mná riamh, a Réisín? Ní fhaca tú. Ní fearr duit ar bith é. Ach chuir an bhean eagla mo chroí orm.

“Níor cheapas gur tú a bhí ann,” arsa mise, ciotach go leor.

“Agus ní aithneofá mo lámhsa thar lámh mná ar bith eile!” ar sise. “Más ag éirí tuirseach díom atáir . . .”

Mhóidíos nárbh ea. Thugas mo sheacht mionn mór air. Chuireas in iúl di é leis na mílte póg agus barróg. Ar chreid sí mé? Cá bhfios dom? Is mó an léargas atá ag na mná sna nithe sin ná mar atá againne. Bíonn a fhios acu go mbíonn fear ag éirí tuirseach díobh sula mbíonn a fhios ag an bhfear féin é. Sin bua atá acu. Ar chaoi ar bith lig Herodias uirthi féin gur chreid sí gach briathar de mo bhriathra béil.

“Mo pheata thú,” ar sise – ach cén mhaith dom inseacht duitse, a Réisín, atá eolasach ar na nithe seo, céard é an rud a déarfadh bean agus aisce uaithi? Tá aithne mhaith agat ar d’athair altrama: an dóigh leat go bhféadfadh sé aon rud a dhiúltú do bhean a labhródh go bladrach grámhar leis? An ionadh mór leat gur gealladh di go gcuirfí ceangal na gcúig gcaol ar an amadán úd a bhíodh ag seanmóireacht agus ag déanamh uisce faoi thalamh

timpeall na tíre an uair sin? Ó, sea, sin é an t-ainm a tugadh air: Eoin Baiste. Bhíodh sé ag síor-rá leis an bpobal go ndearnas éagóir agus bean mo leasdearthár a fhuadach agus a phósadh. Beag aird a bhí agamsa air féin ná ar a chuid seafóide, ach ghoill a chuid cainte ar Herodias, nó lig sí uirthi féin gur ghoill. Go deimhin duit, a Réisín, ní ar Eoin ná ar Herodias, ná ar Aretas, athair mo chéad chéile (a bhí ag fógairt catha orm faoin am seo), ní orthu a bhíos ag smaoineamh an oíche sin ach ar Shalomé aoihbhinn álainn . . . Ar chaoi ar bith gabhadh Eoin agus cuireadh i ngéibheann é i dtóin tobair dhomhain thirim ag ceann an ghoirt bhig úd ar thugamar Gairdín an tSuaimhnis air.



Mura bhfuilim ag cur tuirse ort cuirfead i gcuimhne duit cé mar a bhí an scéal agam ansin. Bhí gean agam ar Shalomé, iníon mo mhná. Bhíos cinnte de. Tá aithne agat orm; is eol duit nach mbéarfadh lá suaimhnis arís orm mura mbeadh an bhean dá dtugas gean agam idir chorp agus anam. Ach céard a dhéanfainn lena máthair, le Herodias an díomais? Í a sheoladh abhaile chuig mo leasdeartháir, chuig Filip? Dá ndéanfainn é sin, dá nglacfainn le comhairle Eoin, bheadh an pobal uile ar mo thaobh. An bhean dá dtugas fuath a dhíbirt agus naomh a dhéanamh díom féin! Thaitin an chomhairle sin liom, a Réisín – ba mhór an greann é go gceapfaí gur dhíbir Ioruaith bean uaidh mar gheall ar aon reacht . . . Ach bheadh orm Salomé a dhíbirt chomh maith . . . sin rud nár thaitin liom. Sin rud nach ndéanfainn. Ní fhéadfainn Herodias a dhíbirt gan Salomé a dhíbirt mar an gcéanna. Is olc an rud nathair nimhe i dteach; ba ghéire agus ba nimhní an bhean sin ná aon nathair. Iontas liom fuath ban . . .

Agus bhí Aretas – nárbh é an fear buile é, a Réisín? – bhí Aretas ag fógairt cogaidh orm mar gheall ar a iníon féin, an chéad bhean a bhí agam riamh; ní raibh aon aithne agat uirthi, a mhic – na cosa is lú agus is gleoite dá bhfacais riamh, ach . . . is cuma; beag aird a bhí agam uirthi nuair a leagas súil ar Herodias uaibhreach an chéad uair. Agus thú féin, a Réisín, bhí eagla orm go dtug Salómé grá duit ón lá a chonaiceas i nGairdín an tSuaimhnis sibh. Níor chuir sin inní ná buairt orm, áfach. Bhí a fhios agam go scaoilfí an tsnaidhm seirce (má bhí a leithéid ann) dá scarfaí an bheirt agaibh óna chéile. Sheolas an bheirt agaibh óna chéile. Sheolas go páirc an áir thú, a Réisín, agus gan súil agam go bhfillfeá . . .

Nach iomaí sin inní agus cás a bhíos ar fhear a thug grá do bhean inné, a bheireas grá do bhean eile inniu, agus a bheireas grá don treas bean amárach? Tugadh faoi deara cén galar a bhí ag gabháil dom. Nach cuimhneach leat aoir a rinne file fáin a bhíodh ag taisteal na tíre an uair sin orm? Bhíodh gearrbhodaigh na cathrach á gabháil agus mé ag gabháil thart i mo charbad.

Nach tú atá óg agus a leithéid de cheist a chur orm! Cad chuige nár dhíbríos an bheirt acu? Cad chuige nach ndearnas socrú le mo naimhde, le hathair mo chéad chéile agus leis an bpobal Iúdach? An grá bhí agam i mo chroí istigh do Shalómé . . . ach ná ceap nach ndearnas mo sheacht ndícheall an grá sin a mhúchadh. Ghlacas le mórchuid den chomhairle a bheirtear do dhaoine a bhíos ina leithéid de chás, an chomhairle mhaith sin atá le fáil san ochtú caibidil déag de leabhar fealsúnachta Éileada. Mé a bhí go gnóthach ó dhubh go dubh. Obair rialtais a liges le faillí le suim aimsire, rinneas í. Chuas ar aghaidh go dána leis an gcogadh. Níor labhraíos le Salómé, ach is corr-oíche nach mbíodh mná i mo chuideachta ag déanamh aoibhnis dom. Is

cúimhneach leat an bhuíon banrincoirí a bhronn an tImpire orm – ach bhí mná áille orthu siúd, mná donnchneasacha, colpacha, cruinnchíochacha, bolgshúileacha. Ní raibh aon mhaith ann, áfach. Bíonn an dá ghrá ann mar is eol duit: an grá corpartha agus an grá anama. An chéad chineál thugas do na mná rince, agus do mhná nach iad, ach thugas an dá chineál do Shalomé, agus tá a fhios agat féin nach mbíonn aon leigheas i ndán don té a bheir an dá chineál grá do bhean. Níl tú cinnte de, an ea? Ní raibh mé féin cinnte de uair. Tá anois.



Sea, rinneas mo dhícheall. Ghlacas an chomhairle ina hiomlán mórán: mná iasachta; fionta draíochta ó chríocha na hAraibe; obair throm – is minic a chaitheas lá fada ag rómhar sna páirceanna; leabhair – léas an-chuid de leabhair fealsúnachta na Gréige; ach dá gcluinfinn Salomé ag gáire chaithfínn uaim a raibh ar siúl agam le dul ag breathnú uirthi . . .

Thugas fleá, oíche. Ag Machaerus a bhíos an uair sin, agus is ann a bhí Eoin i ngéibheann agam. Bhí taoisigh airm agus uaisle na cúirte agus reachtairí rialtais ann, agus iad uile go meidhreath scléipeach. Bhí fionta ann agus ba dhóigh liom go mbeadh sé de bhua acu an croí-chrá a bhí orm a dhíbirt. Bhí fion ón Tíor ann a bhí ar dhath fola namhad; ní bheadh ort ach corn de a ól agus bheadh fuadar chun achrainn ort – ar mo chairde a roinneas an fion sin. Bhí fion ó shléibhte Mhóab ann; ba é bua an fhíona sin nach n-aireofá pian tar éis é a ól – níor leigheas sé pianta an ghrá, a Réisín. An fion sin a bhronn an tImpire orm nuair a bhí sé ag gabháil thart, bhí an fion sin ar dhath tonn na Gaililí lá geimhridh; fion an léargais a tugadh air, mar d’athbheadh braon de aon éirim

aighe bhí i bhfear riamh – níor ólas é. Bhí fíon na seirce ann, fíon corcra a tháinig ón nGréig; meascadh fuil seacht maighdean a thug gean d’fhear leis an bhfíon sin agus é á dhéanamh – níor theastaigh fíon na seirce uaim . . .

Ní mórán a d’ólas féin d’aon fhíon díobh. Bhí a fhios agam go raibh Herodias ar chúl na mbrat in áit éigin ag machnamh ar bheart éigin a bhainfeadh de mo threoir mé. Dá bhféadfainn buile a chur uirthi! Dá bhféadfainn í a mhaslú os comhair na cuideachta! An bhuíon banrincoirí a bhronn an tImpire orm chuireas fios orthu. Tháinigedar isteach, ochtar díobh, ocht mbanmhogha dhonnchneasacha leathnochta, agus rinneadar damhsa barbartha os comhair na cuideachta.

Bhí aon bhean amháin ann, bean bheag aclaí cholpach, agus chuireas iallach uirthi damhsa áirithe a dhéanamh. Chrom sí í féin, chas agus lúb agus d’fheac, ag siúl ar an aer di tamall, ina colún donnmharmair gan cor aisti tamall eile; níor baineadh cor ná casadh as colainn duine riamh nár bhain sise as a colainn féin le haoibhneas a thabhairt do na fir mheisce a bhí timpeall uirthi á moladh.

“Dá fheabhas í,” arsa mise, “tá rincoir eile sa teach seo agus sháraigh sí í.”

Bhí amhras ar an gcuideachta. Níor labhair éinne.

“An bhean rince eile,” arsa mise, “is í an bhean is cliste agus is áille déanamh agus is gile cneas agus is gleoite cos agus troigh agus is duibhe súil agus is cothroime déad dár mhair riamh. Tá fuil ríoga ina cuisleacha. Is aoibhne a gluaiseacht ná solas na gealaí ag rince ar mhuir na Gaililí. Ní deirge caora an tsóláis ná a dhá béal. Marmar dubh líofa Shliabh Eróim faoi loinnir ghréine i ndiaidh cheatha a dhá súil. Ón lon dubh a ghoid sí a guth. Coráiocht na gcéadta nathair nimhe balbh i bpéin dlaoithe fite a tiubhfhoilt . . .”

Dhearcas i mo thimpeall ar an gcuideachta fear. Ní raibh cor

ó éinne acu ach a súile uile sáite ionam agus ionadh orthu cén cleas a bhí fúm a imirt. Bhí Herodias ag éisteacht liom freisin ach nár facthas í; an bhean sin dá dtugas gean agus searc tráth a mhaslú, sin a bhí uaim – dá bhféadfainn iallach a chur ar Shalomé damhsa áirithe Arabach a dhéanamh os comhair na bhfear meisciúil drúisiúil a bhí sa láthair, nár mhór an masla don bheirt é? Cár bh fhios dom nach laghdódh sé an tsearc? Bhí barúil agam nach mbeinn ag tnúth léi a thuilleadh dá ndéanfadh sí an damhsa barbartha a thaitin léi os comhair na bhfear . . . Ar thug tú faoi deara riamh, a Réisín, cad é an cathú mór a thagas ar fhear, an bhean dá dtugann sé gean a chroí a bhrú faoi chois? Thug ar ndóigh; nuair a bhíos an iomarca cumhachta ag an mbean air is ea a thagas an cathú sin.

Bhuaileas amach faoin spéir. Bhí an ghealach ina suí agus dath na fola uirthi. An bonnán léana ag scréachaíl go huaigneach sa bhfásach; an faolchú ag bagairt i measc shléibhte Mhóab. Ach is mó go mór an tsuim a chuireas i nglórtha an té a bhí i ngéibheann agam i dtóin an tobair i nGairdín an tSuaimhnis. Tháinig cuid dá chuid cainte chugam ar an ngaoth:

“Mo mhallachtsa orthu . . . mo mhallacht ar an bhfear a d’fhuadaigh bean a leasdearthár . . . ná raibh sliocht orthu . . . an striapach a mhaslaigh an Dia a chruthaigh í le hainmhian a colla . . . ach tiocfaidh a lá . . .”

Bhí guth iontach aige, guth láidir dúthrachtach a raibh an oiread coranna agus casadh ann agus atá de dhathanna sa tuar ceatha. Thaitin a ghuth go breá liom. Chuas go dtí an tobar ina raibh sé. Ar theacht i bhfogas an tobair dom chonaiceas ochtar nó naonúr ag éalú uaim sa dorchadas. Chuimhníos go dtugas cead do chuid dá lucht leanúna teacht ar cuairt chuige gach re lá – nach deas an teagasc a bhí sé a thabhairt dóibh? Ach ba cuma liomsa . . .

Lig saighdiúir dá raibh ann trlseán síos an tobar tirim ar cheann slabhra, agus b'iontach an radharc a bhí le feiceáil againn. Fear ard caol lom cosnochta agus craicne camall timpeall air mar bhrat. Bhí sé leicthe traochta, cuma an ocrais agus an ghátair ina aghaidh uasal agus é ag caitheamh briathra troma tarcaisneacha liomsa agus gach briathar díobh chomh géar gáifeach le ga Rómhánach. Ach an dá shúil a bhí ina cheann! Agus an fhéachaint a thug sé ormsa! Dá mbeadh gach ainspiorad dár shiúil an domhan riamh i mo cholainn, ní fhéadfadh sé féachaint ba nimhní ná ba fhuafaire thabhairt orm. Nach uafásach an cruth a chuireas daoine orthu féin de bharr creidimh, a Réisín?

Tháinig smaoineamh chugam. Bhí fleá ar siúl istigh; nach raibh sé de dhualgas orm an méid grinn ab fhéidir a thabhairt do na háionna? Labhraíos le saighdiúir. D'umhlaigh sé a cheann. Chuas féin isteach.

Casadh Herodias liom in aice an dorais agus scamail toirní os cionn a dhá súl.

“Gléastar Salómé i gcomhair rince, a bhean,” arsa mise.

“Déanfar é, a Theatrairc,” agus d'imigh sí.

Chuas i láthair na cuideachta. Níor insíos dóibh cad é an greann a bhí ceaptha agam lena n-aghaidh. Shín banmhogha corn fiona chugam. Bhí dhá phéacóg oilte i lár an urláir agus a n-aoire á ngríosadh chun clis áirithe a dhéanamh. Tháinig giolla go dtí an doras. Labhair giolla eile liomsa.

“Tugtar isteach é,” arsa mise.

Seoladh fear a raibh craicne camall mar bhrat air isteach agus cúigeair saighdiúirí ina thimpeall. Gháir an cuideachta ar fheiceáil an fhir seo dóibh. Bhí faoi chuid acu a mhaslú. Níor ligeas dóibh.

“Más príosúnach féin é déanadh sé comhghairdeachas linn anocht. Tugtar fion dó agus biatha sobhlasta,” arsa mise.

Tairgeadh an lón agus an deoch dó. Níor bhlais sé díobh.

“B’fharr leis lócaistí ón bhfásach agus mil ón gcoill, agus uisce leamh ó Shruth Orthannáin ná do chuid bia-sa, a Theatrairc,” arsa Rómhánach óg a bhí le m’ais.

Fear grinn a bhí sa Rómhánach. Bhí a sháith den fhíon ólta aige freisin. D’éirigh sé ina sheasamh. Chuir sé clogad práis ar cheann an phríosúnaigh. Cheangail sé claíomh faoina chom. D’fháisc sé lúireach Rómánach ina thimpeall. Chan sé amhrán cogaidh, ag cur in iúl do chách nach mbeadh aon taoiseach airm acu feasta ach é . . .

Óladh tuilleadh fíona. Gabhadh na hamhráin ba gháirsiúla agus insíodh na scéalta ba dhrúisiúla, ach os cionn an fhothraim agus an ghleo chluintí an príosúnach ag síorghuí agus ag rá:

“Mo mhallacht ort, a Theatrairc na Gaililí. Mo mhallacht ar an striapach atá agat mar bhean. Tiocfaidh Mac Dé i bhfearg. Tá lámh Mhic Dé trom. Leagfaidh sé a naimhde. Díbreofar amach sa dorchadas iad. Meilfear a sliocht agus sliocht a sleachta idir bróinte an dá shaol . . .”

Nach agam a bhí an fhoighid gan é a thachtadh? Ach níor chuir a chaint aon inní orm – ní raibh sliocht orm riamh!



Is ansin a tháinig sí chugainn, an iníon álainn, Salómé an mhí-ádh. Ní raibh cúthalacht ag baint léi riamh, ach ba dhóigh leat uirthi agus í ag teacht anall chugainn trasna an urláir, agus na fir uile ag breathnú uirthi faoi ionadh, nach raibh aon bhean chúthalach ar an saol riamh ach í. In aireagal liom féin a bhíos, agus dhruid sí i leith chugam go malltroigheach, shuigh ag mo

chosa, chuir a dhá lámh timpeall mo dhá ghlúin agus dhearc suas san éadan orm go truamhéalach ar nós duine bheadh ar tí aisce a iarraidh.

“Táim réidh, a Theatrairc, ach ná hiarr orm damhsa a dhéanamh,” ar sise.

Bhí a fhios agam go raibh sí ag féachaint go hálainn agus bhí amhras orm go raibh a fhios aici go bhféadfadh a háilleacht mé a bhogadh. Nach orm a bhí an díth céille gur cheapas go raibh náire uirthi damhsa os comhair na cuideachta fear seo? Bhí fúithi damhsa ó thosach. Ní raibh uaithi ar feadh an ama ach a bheith ag spochadh asam, do mo ghriogadh lena háilleacht ar chomhairle a máthar le go dtabharfainn di an aisce bhí uathu araon. B’ise an cat agus ba mise an luchóg, agus mé dearfa go raibh sí faoi mo réir agus faoi mo cheannas agam ar feadh an achair!

“Damhsód duit agus don chomhluadar, a Theatrairc, ach ní bheidh fuinneamh i mo chosa ná gleoiteacht i mo ghluaiseacht . . .”

Ar casadh leat duine riamh, a Réisín, a bhíodh idir dhá chomhairle an tráth ba chóir dó a bheith ar aon chomhairle dhaingean amháin? Bhí an scéal amhlaidh agamsa nuair a dúirt an mhaighdean an chaint sin. Lena maslú, le táir agus tarcaisne a thabhairt di, lena ceansú, le smacht a chur uirthi, lena náiriú, le fuath di a fhadú i mo chroí féin – is lena aghaidh sin a thugas ann í, théinte is go mbeadh cead cinn, cos agus comhairle agam uaidh sin amach. Ach, a Réisín, a mhic altrama, ná tóg orm é: nuair a bheireadh sí aghaidh orm ó am go ham agus nuair a d’fheicinn an bhaithis bhán fhuar a bhí uirthi amhail marmar Shliabh an Uaignis; agus na súile móra lonracha a bhí fúithi sin, a raibh boige agus milse agus doircheacht oíche iontu; agus an bhráid a bhí ag ardú agus is ag ísliú go rialta ar nós thonnta na mara; agus an béal bog tais a bhí cosúil le rós dearg iarna dhúiseacht maidin drúchta;

agus nuair a chualas an glór a tháinig ón mbéal sin, glór ba cheolmhaire agus ba bhoige agus ba thaitneamhaí ná glór na mílte colúr bán a chualamar beirt i ndoire coille cois na Róimhe uair, a Réisín, sea, nuair a chonaiceas agus nuair a chualas na nithe sin, an ionadh leat go dtáinig cathú orm? Níor ghéilleas don chathú, áfach. Níor ghéilleas don chathú iomlán ba chóra dom a rá. Dá n-iarrfadh sí orm í a scaoileadh saor ar an nóiméad sin dhéanfainn é, is eagal liom. Ná hiarr leath-aisce go deo, a Réisín. D'iarr Salómé an leath-aisce. Níor dhúirt sí ach:

“Déanfad Damhsa an Linbh duit.”

“Ní hé atá uaim. An damhsa Arabach sin atá á chleachtadh agat le mí atá uaim.”

Tá eolas agat ar an dá dhamhsa, a Réisín. Ní bheadh náire ar bith ann an chéad cheann a dhamhsa. Ní fheilfeadh sé dom ar an ábhar sin.

“An damhsa Arabach atá uaim.”

“An damhsa sin! Agus é a dhéanamh os comhair na bhfear meisce úd thall?

“Sea.”

“Ach tá an fion sa gceann acu agus an ainmhián ina gcroí: ó, b'fhéarr liom go mór fanacht leatsa anseo, a Theatrairc, ag caint agus ag comhrá leat agus ag cur aoibhnis ar do chroí . . .”

Ní fhéadfainn iallach a chur uirthi é a dhamhsa mura ndéanfadh sí dá toil féin é. Cheapas í a bhréagadh.

“Rud ar bith is mian leat gheobhair é, ach an damhsa a dhéanamh go maith.”

Lig sí gothaí uirthi féin. Is í a bhí go leanbach ar nós peata a bheadh ag iarraidh cuimhneamh cad é an bréagán a d'iarrfadh sí ar a máthair. Ach mo thrua! Is aici a bhí a fhios cad é an rud a bhí uaithi. Ag baint asam a bhí sí. Ag cur dallóige ar mo shúile

a bhí sí ar feadh an achair. Ná ceap, a Réisín, go bhfuil buaite agat ar bhean go deo deo go bhfeicfidh tú san uaigh í. Gheallas an iomad seod agus bréagán di dá ndéanfadh sí an damhsa.

“An dá nathair nimhe déag a bhronn banríon na Siria orm, gheobhair uaim iad,” arsa mise, “níl aon cheann acu ar aon dath ná ar aon aois ná ar aon toirt ná ar aon chéill le ceann eile. Táid chomh hoilte sin go dtig leat slabhra beo ildathach a dhéanamh díobh uile agus é a chur faoi do chom mar chríos . . .”

Chroith sí a ceann.

“Tá ochtar mogha balbh agam; tá na hocht seancheird a bhí ann ó thosach an tsaoil acu, mar atá, draíocht, diabhláíocht, filíocht, talmhaíocht, fíodóireacht, maraíocht, paidreoireacht agus tabhairt na mionn.”

Níor thaitníodar léi.

“Na healaí draíochta atá ar Linn an Dá Éisc i gCríoch Mhóab . . .”

Ba shuarach léi iad. Ní raibh uaithi an damhsa Arabach a dhéanamh, de réir cosúlachta, agus ní fheilfeadh aon damhsa eile don ócáid.

Dhearc sí san éadan orm agus dúirt:

“Téimis beirt amach go Gairdín an tSuaimhnis agus bímis ag siúlóid ann faoi na crainn aoibhne almóinní atá anois faoi bhláth agus ag pógadh na créafóige le méid a n-ualach áilleachta; tá an ghealach ina suí, ina banríon chiúin mhórga ar na réaltóga, agus néalta drithleannacha airgeadta mar bhrat ina timpeall. Tá na héanlaith go ceolmhar sna crainn phomagrainítí agus barúil acu go bhfuil sé ina lá leis an solas iontach atá ó réaltóg agus ó ré . . .”

“An damhsa Arabach atá uaim,” arsa mise go borb léi. Ba mhór an cathú é, a Réisín. Moltar mé nár ghéilleas.

“Téimis amach, a Theatrairc, agus suímis faoi bhun an chrainn

figí atá ag ceann Ghairdín an tSuaimhnis, agus canfad ceol duit, canfad amhrán grá duit a múineadh dom i gCríoch Iúdáia fadó; agus an fhad is a bheas tú ag éisteacht leis an amhrán sin ní bheidh cuimhneamh agat ar cheol na n-éan a bheas ag cantaireacht i do thimpeall, ná ar chumhracht na gcrann, ná ar aoibhneas na hoíche ná ar inní an tsaoil, ná ar dhólás ná ar dhuirceas – ní bheidh cuimhneamh agat ach ar an amhrán agus ar an amhránaí . . . Téanam, a Theatrairc na Gaililí, téanam go Gairdín an tSuaimhnis liomsa. Téanam! Téanam!”

Bhíos i mo thost tamall. Tháinig dhá aisling os comhair mo shúl. Gairdín an tSuaimhnis . . . Salómé . . . mise faoi chuing shíoda, faoi chuing sheirce aici go deo deo arís . . . Sin, nó mé i mo rí dáiríre . . . í féin agus a máthair díbriithe uaim . . . an pobal uile ag cabhrú liom . . . Smacht agam ar an tír . . .

Chualas glóirtha na bhfear a bhí go scléipeach in Áras na bhFleá. Chualas glór Eoin Bhaiste ag dul i méid agus ag dul i laghad agus é do mo mhallachtú:

“Loiscfear a theach os a chionn. Tiocfaidh na ciníocha allta isteach ina ríocht agus ní fhágfar cloch ar chloch; ní bheidh páiste nach ngolfaidh; ní bheidh bean ann nach stracfaidh an folt dá ceann á mhallachtú . . .”

“An damhsa! An damhsa Arabach, a Shalómé! Gheobhair rud ar bith ach é a dhéanamh. Leath mo ríochta, más mian leat é!”

“Ach má iarraim ort an t-iolar dubh dall a bhí ag do mhuintir ó aimsir Dháithí?” ar sise go leanbach.

“Gheobhair é. Cuma céard a iarrfas tú, ach an damhsa a dhéanamh! Nach bhfuil mo bhriathar ríoga agat air?”

D’éirigh sí agus dhamhas.

Ní uirthi a bhíos ag féachaint agus í ag damhsa. Ní ar na fir a bhí á hiniúchadh le súile drúisiúla faoi mhaláí troma dubha a

bhíos ag féachaint. Ní ar an bpríosúnach a bhí clúdaithe le craicne camail agus a bhí gléasta go magúil ar nós saighdiúra Rómhánaigh – ní orthu a bhíos ag féachaint; ní orthu a bhíos ag cuimhneamh ach ar ríocht mhór leathan ó Dhan go Beerséba, ar ríocht a bheadh faoi mo smacht agus faoi mo chumas féin; ar cháil, ar chló, ar chumhacht a bhíos ag cuimhneamh . . .

Bhí an damhsa thart. Tháinig an bhean chugam.

“D’achainí, a bhean,” arsa mise.

“Ceann Eoin Bhaiste ar mhéis,” ar sise.

Ba léir dom go raibh sí dáiríre. Thuigeas gurbh é sin a bhí uaithi ar feadh an ama agus nach raibh aon mhaith dom a bheith ag iarraidh í a bhogadh. Bhí mo bhriathar aici air.

Chuireas cogar i gcluais giolla. Tugadh an príosúnach amach. Lean an bhean é. Thosaigh an chuideachta ar an bhfleá athuair. Ní baileach a bhí amhrán gafa ag duine acu go dtáinig Salomé isteach arís agus an ceann uasal fuilteach ar iompar aici . . .

D’éaligh an chuideachta uaim ina nduine agus ina nduine agus fágadh i m’aonar mé in Áras na bhFleá . . .

An raibh tú riamh ag strapadóireacht i measc cnoc garbh fiáin, tuirse ort agus ocras agus tart, agus súil agat go n-éireodh leat fóirthine a fháil dá bhféadfá na cosa thabhairt leat – agus ansin, ar shroichint na háite a raibh súil agat le cabhair, gan aon ní a fheiceáil ach aibhéis dhubh dhomhain nach raibh sé i do chumas a thrasnú? Is amhlaidh a bhí an scéal agamsa an oíche sin. An ríocht mhór, an cumhacht, an cháil, an chló a chonaiceas i m’aisling, scaipeadh orm iad mar a scaiptear ceo roimh ghrian na maidne . . .



Is tráthúil a chuir tú an cheist, a Réisín: cad é an gnó bhí ag maighdean óg mar í do cheann fuilteach dá shaghas, an ea? Ní lena haghaidh féin a d'iarr sí an aisce sin. Ní raibh a fhios agam an oíche sin é, ach tá a fhios agam anois é, monuar! Is iomaí scéal scéil a bhí ag gabháil thart faoi obair mhillteach na hoíche sin, agus is féidir gur shroich ceann díobh na réigiúin allta inar chaith tusa do shaol le fada d'aimsir; ach ná creid aon cheann díobh. Is agamsa agus is agamsa amháin atá fírinne an scéil . . . Foighid, a Réisín! Lig dom é a inseacht duit ar mo bhealach féin.

Ní baileach a bhí an comhluadar éalaithe uaim, agus mé fágtha liom féin in áras mór dorcha na bhfleá, go dtáinig Herodias isteach. Níor ligeas orm go raibh uamhan ná inní orm faoi ghníomhartha na hoíche. Ba dhóigh le duine ar an mbean nár chuala sí aon cheo faoin dícheannadh.

“Do bheatha agus do shláinte, a Theatrairc na Gaililí!” ar sise go caoin modhúil. “Nach luath a d'imigh an comhluadar uait? Cé nár thaitin an damhsa Arabach leo? . . . Och! Céard seo? Fuil? Ní breá liom fuil; cuir fios ar ghiolla leis an urlár a ghlanadh. Iontach liom nach féidir le dream teacht le chéile gan achrann a bheith eatarthu!”

“Ní raibh aon achrann ann, a ríon,” arsa mise. “Sin fuil fáidh.”

“Fuil fáidh! Níor cheapas go raibh aon fháidh sa tír seo leis na céadta móra bliain.”

“Sin fuil duine dá dtug tú fuath. Sin fuil Eoin Bhaiste, a bhíodh do mhallachtú de shíor. Dícheannadh é anocht.”

“Tá a fhios agam sin. Bhronn Salómé a cheann orm mar a gheall sí . . . ach ní raibh ceart agaibh an t-áras breá seo a shalú lena chuid fola.”

“Agus bhronn Salómé a cheann ort!”

“Bhronn.”

Bhí sí ina tost ar feadh scaithimh bhig. Tháinig athrú gné di. Chúb sí í féin ar an urlár ar nós ainmhí allta a bheadh ag faire ar a chuid. Ní raibh le feiceáil agam sa dorchadas ach aghaidh bhán agus súile nimhneacha a bhí ag dul tríom.

“Bronnadh an ceann orm, a Theatrairc,” ar sise, “ach ná ceap gur mar gheall ar a bhriathra baoise a bhíos á lorg. Ná ceap ach oiread go raibh aon eagla orm go ndeighlfí sinne dá mbarr . . . Tá greim níos daingne agam ort, a fhir gan chéill! Agus ní ar mhaithe leat atá an greim sin agam ort. Ní snaidhm seirce a bhí dár gceangal le fada ach snaidhm dhoscaoilte fuatha. Bhí lá ann . . . ach cén mhaith a bheith ag caint faoi sin? Le bliain bhí tú ag tnúth le m’iníon. Ní raibh aird agat ormsa – sea, nach bhfuil cuimhne agat ar an lá a chaith tú mo lámh uait nuair a shíleas a bheith lách muinteartha leat? Ón lá sin ní raibh aon ní ag déanamh inní dom de ló ná d’óiche ach bealach do mhillte a cheapadh . . . Bhí tú ag tnúth le Salómé ar feadh na bliana sin. Ní rabhas féin ag tnúth ach le díoltas! Salómé – ba í an baoite álainn agam í! Bhíos ullamh le hÍobairt a dhéanamh di ar altóir an díoltais dá mbeadh gá leis. Ach anois tá liom, a Theatrairc na Gaililí! Tá do naimhde cumhachtach, ní hamháin sa tír seo ach sa Róimh agus in Iarúsailéim. I méid, i gcumhacht agus i líonmhaire a bheas siad ag dul de bharr obair na hoíche ámharáí seo . . .”

Ní raibh ach dhá thrilseán beag solais sa seomra. Briseadh fuinneog le cloch. Múchadh ceann díobh.

“I líonmhaire a bheas siad ag dul, a Theatrairc. Nach gcluín tú lucht leanúna Eoin go bagrach feargach anois féin? Anois, ó tá sé marbh, cuideoidh siad le do naimhde, le rí Phetra atá ag cur cogaidh ort agus leo uile. Tá eolas agat ar an bpobal Iúdach, ar Eísínigh, ar Scaraigh agus ar a bhfuil ann díobh; níl giall agat anois

lena smachtú. Tiocfaidh siad ort ina ndeich mílte faoi arm agus faoi fhearg . . . agus beidh daoine sa Róimh agus cuirfidh siad cogar i gcluais an Impire agus creidfear iad; an dóigh leat nach gcreidfídh an tImpire go bhfuil ar buile agus ár agus achrann sa tír de bharr an amadáin a chuir tú chun báis?”

Shíleas cosc a chur lena teanga, ach ní raibh aon mhaith ann, a Réisín. Ní raibh ionam corraí. Bhí draíocht éigin ina súile nimhneacha a ghreamaigh ansin mé agus an pobal ag teacht inár dtimpeall ó gach aird.

“Agus cuirfidh an tImpire fios ort chun na Róimhe agus bainfear do ríocht agus do fhlaithiúnas díot agus díbreofar thú go críoch choimhthíoch agus buailfidh an iomad galar agus aicíd thú . . . in aisling chím seanfhear lofa brocach ina luí ar chíb shléibhe i bpúirín agus na céadta mílte crumh ag tochailt ina chuid feola agus ag tolladh a chnámh. Tá folt fada liath air, ach tig gach slám de leis agus é á thochas féin. Níl duine ann le fóirthin air. An rud a théas ina bhéal i bhfoirm bia tig sé amach as i bhfoirm mionna mhóir . . .”

Scairt sí ag gáire.

“Agus ceapann tú go mbeidh suaimhneas agat nuair nach mbeidh mise i do ghar! Ná ceap sin, a amadáin! Beidh mé i do ghar. Beidh! Beidh! Agus ní bheidh de chúram orm ann ach a chur i gcuimhne duit ó am go ham gur mar gheall ar an mbean dá dtug tú gean uair atá an bhail sin ort . . .”



Cailleadh í mí ó shin, a Réisín. Níor scar sí liom riamh ach do mo chrá de ló agus d’óiche. Iontach liom fuath agus éad mná a

tréigeadh, a Réisín, a mhic altrama, ach is iontaí liom go mór an saghas fealsúnachta atá acu sa Róimh faoi láthair; suigh anseo in aice liom agus inis dom beagán eile faoi fhealsúnacht na Stóiceach ar ar thrácht tú cheana . . . ach fainic thú féin ar na crumha; táid timpeall orm i ngach uile áit . . .